



**An Chomhairle Náisiúnta  
um Oideachas Speisialta**  
National Council  
for Special Education



Nuachtlitir Fheabhra 2026:

## Fáilte chuig an eagrán is déanaí de Nuachtlitir na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS).

Tá sé mar aidhm ag ár nuachtlitir seo tú a choinneáil ar an eolas maidir leis na scéalta, na tionscadail agus na deiseanna foghlama gairmiúla is déanaí in CNOS. Más mian leat leanúint ar aghaidh ag fáil na nuachtlitreach seo, **cláraigh anseo**.

 Tá **féilire CNOS 2025/2026**, **d'Fhoghlaim Ghairmiúil do Mhúinteoirí (FGM) ar fáil!**

[Féach ar ár bhféilire](#) chun d'áit a chur in áirithe!

Tá ár bhféilire FGM lán de sheisiúin fhiúntacha, ceardlanna praiticiúla agus deiseanna chun tacú le do thuras gairmiúil.

## School Calendar



**► INCLUSION TALKS 2026  
WEBINARS**

**CONVERSATIONS WITH JOÃO COSTA, EASNIE DIRECTOR**

**29 January**  
**INCLUSIVE EDUCATION: KEY PRINCIPLES**  
Prof. Mel Aniscom, Emerita Professor of Education, Dr Gordon Porter, Executive Director of Inclusive Education Canada, and Mónica Domínguez García, Director General of Assessment and Territorial Cooperation – [Register here](#)

**26 February**  
**INCLUSIVE EDUCATION AND TEACHER PREPAREDNESS**  
Ekaterina Efimenko, Coordinator for Working Conditions, Human Rights, Equality and Environment, European Trade Union Committee for Education (ETUCE), and Prof Lani Florian, Professor Emerita, University of Edinburgh

**26 March**  
**INCLUSIVE EDUCATION AND FINANCING MODELS**  
Paulo Santiago, Head of Policy Advice and Implementation Division, Directorate for Education and Skills, OECD, and Brendan Doody, Department of Education and Skills in Ireland and EASNIE Representative Board member

**30 April**  
**INCLUSIVE EDUCATION AND LEARNERS' VOICES**  
Dr Margarita Bilgeri, EASNIE, Bodil Hafås, Ministry of Education and Research, Norway, and EASNIE Representative Board member, and learner testimonials

**28 May**  
**INCLUSIVE EDUCATION AND SCHOOL LEADERSHIP**  
Manoel Antoninis, Director of the Global Education Monitoring (GEM) Report, UNESCO, and Mareike Klauenflügel, Head of school, IGS Herder, Frankfurt

**11 June**  
**INCLUSIVE EDUCATION IN THE WORLD OF ARTIFICIAL INTELLIGENCE**  
Richard Culatta, CEO, International Society for Technology in Education, and Katri Saarikivi, University of Helsinki

**24 September**  
**INCLUSIVE EDUCATION AND FAMILY PARTICIPATION**  
Elisabeth Gosme, Director, COFACE Familles Europe, and Arja Krauchenberg, European Parent Association

**29 October**  
**INCLUSIVE EDUCATION AND CROSS-SECTORAL COLLABORATION**  
Dr Anthonia Kefallinou and Dr Kathleen Mörtler, EASNIE, and Christine Holm, Ministry for Education and Quality Center for Primary and Lower Secondary Education, Denmark and EASNIE Representative Board member

**26 November**  
**INCLUSIVE EDUCATION IN THE CONTEXT OF MULTILINGUALISM AND MULTICULTURALISM**  
Antonella Sorace, Professor of Developmental Linguistics, University of Edinburgh, and Sarah Bredin, Council of Europe, Executive Director, European Centre for Modern Languages and Head of Language Policy

**11 December**  
**INCLUSIVE EDUCATION AND QUALITY ASSURANCE**  
Ruta Svarinskaitė and Dr Diana Murdoch, EASNIE, and Inge Wagemakers, Ministry of the Flemish Community, Education Department, Belgium and EASNIE Representative Board member (TBC)

### **An Ghníomhaireacht Eorpach um Riachtanais Speisialta Oideachais agus um Oideachas Ionchuimsitheach**


Tá Éire ag glacadh páirte in Ionstraim Tacaíochta Teicniúla an AE, a thacaíonn leis na Ballstáit chun athchóirithe a chur i bhfeidhm. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal seo córais oideachais uilechuimsitheacha a neartú in Éirinn agus san Fhionlainn trí dheiseanna foghlama cothroma agus rochtain ar oideachas príomhshrutha a chur chun cinn.

#### **I measc na bpríomhghníomhaíochtaí, tá:**

- Athbhreithnithe ar oideachas ionchuimsitheach agus ar oideachas speisialta
- Rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara agus ceardlanna
- Treochláir athchóirithe, mar aon le spriocanna agus amlínte, a fhorbairt
- Seimineáir ghréasáin, oiliúint, agus cuairteanna staidéir go dtí an Liotuáin agus an Phortaingéil
- Tuarascálacha ar reachtaíocht agus ar fhoghlaim ghairmiúil do mhúinteoirí sa dá thír

Ghlac toscairí ó Éirinn agus ón bhFionlainn páirt chomh maith i gcuairt phiarfhoghlama chuig an bPortaingéil i mí Dheireadh Fómhair 2025.


**Tá an Ghníomhaireacht Eorpach um  
Riachtanais Speisialta Oideachais agus  
um Oideachas Ionchuimsitheach**

 (EASNIE) ag ceiliúradh 30 bliain de chomhoibriú i dtreo fis chomhroinnte don oideachas uilechuimsitheach.



**EUROPEAN AGENCY**  
for Special Needs and Inclusive Education

Chun ceiliúradh a dhéanamh, tá **Cainteanna Ionchuimsithe** á n-óstáil acu - sraith de sheimineáir ghréasáin ina ndéantar plé ar théamaí agus dúshláin reatha ar fud na hEorpa. Tá bileog seimineár ar fáil, agus roinnfear meabhrúcháin ar na meáin shóisialta. Tuilleadh acmhainní:

 [EASNIE-Nuashonruithe- An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta -Ag obair chun seirbhís oideachais speisialta a sholáthar](#)

### **Ag tacú le hOideachas Cleachtais do mhic léinn Teiripe Saothair in CNOS**

- Is cuid lárnach d'oiliúint teiripe saothair an t-oideachas cleachtais agus tugann mic léinn faoi bhreis agus 1,000 uair an chloig de shocrúcháin roimh dóibh an cháilíocht a bhaint amach. I gcomhairle le saincheannairí agus bainistíocht teiripe, gheall CNOS tacú le socrúcháin mac léinn mar infheistíocht fhiúntach i bhforbairt seirbhíse agus i bpleanáil fórsa saothair amach anseo. Ó 2023 i leith, tá Foireann Teiripe Saothair an Oirthir tar éis 10 mac léinn ó cheithre ollscoil Teiripe Saothair in Éirinn a óstáil.

Ba fhorbairt dhearfach fhiúntach do CNOS na socrúcháin seo a éascú.

◆ **Trí fheidmiú mar Oideachasóir Cleachtais**, cuirtear deiseanna luachmhara ar fáil chun meantóireacht, tarmligean, measúnú, machnamh agus samhaltú gairmiúil a dhéanamh, chomh maith le teoiric a chur i ngníomh. Faigheann mic léinn taithí shaibhir trí mhúnlaí Teiripe Saothair a chur i bhfeidhm ar chontanam tacaíochta CNOS. I measc a gcuid oibre, rinneadh foghlaim ghairmiúil do mhúinteoirí a éascú go comhpháirteach, tacaíodh le hidirghabhálacha amhail ciorcaid chéadfacha a chur ar siúl, iniúchtaí comhshaoil a dhéanamh, cuir i láthair a thabhairt ag clubanna irisí agus athbhreithnithe litríochta a dhéanamh a chun tacú le forbairt acmhainní.



SUPPORTING PRACTICE  
EDUCATION FOR  
OCCUPATIONAL THERAPY  
STUDENTS IN THE NCSE

Rinne siad **Teiripeoirí Saothair agus teiripeoirí teanga agus urlabhra a scáthú** chomh maith, ag fáil léargais ar thacaíocht ildisciplíneach scoilbhunaithe.

🍷 Ó 2026 ar aghaidh, **tacófar le socrúchán amháin ó gach ollscoil ar fud na bhfoirne Teiripe Saothair an Oirthir agus an Iarthair**, rud a neartóidh oideachas cleachtais laistigh de CNOS.

## ☀️ Caiféanna

### Ionchuimsithe CNOS

Tabhair faoi bhliain d'fhás gairmiúil fiúntach le Clár Tacaíochta Scoile CNOS - do chonair chuig foghlaim shaincheaptha, phraiticiúil agus chomhoibríoch atá leagtha amach chun feabhas a chur ar an teagasc cuimsitheach.

→ Ó mhí Lúnasa go mí na Bealtaine, is féidir le ceannairí scoile agus múinteoirí rochtain a fháil ar phróiseas soiléir tacúil a thabharfaidh rochtain dóibh ar threoir shaineolach, cumarsáid thráthúil, acmhainní réamhghníomhach agus deiseanna foghlama machnamhacha.

◆ Cibé trí sheisiúin foirne uile, trí fhoghlaim ghairmiúil shaincheaptha, nó trí chomhráite suaimhneacha inár gCaiféanna Ionchuimsithe, tá CNOS anseo chun scoileanna a chumhachtú chun muinín a chothú, cleachtas a neartú, agus torthaí a fheabhsú do gach foghlaimeoir.

### **Tabhair faoinár Suirbhé Aiseolais!**

Comhlánaigh ár suirbhé an-ghearr thíos chun cabhrú linn ár Nuachtlitreacha a dhéanamh níos tarraingtí agus níos úsáidí do mhúinteoirí <https://www.surveymonkey.com/r/8VZBGCY>

**TACAÍOCHT SCOILE AN CNOS**  
Iarratais ar Thacaíocht Scoile d'Fhoghlaim Ghairmiúil Múinteoirí Ó Lúnasa go Bealtaine

**BEALÁI CHUN FÁS GAIRMIÚIL**

Fiosraigh an próiseas agus an méid ar féidir leat súil a bheith agat leis ar gach bealach.

- 1 Iarratas a dhéanamh**  
Seolann ceannairí scoile iarratais ar thacaíocht ar Thairseach Scoileanna an CNOS á dbeiradh Lúnasa go tráth luath i mBealtaine.
- 2 Tráthúil**  
Déanfaimid cumarsáid leat agus freagróid do d'arráidh gan mhall.
- 3 Réamhghníomhach**  
Déanfaimid teagmháil leis an gcomhairleoir atá sannta duit nó cuirfidimid na hacmhainní, na seimíneoir, na seimíneoir ghréasáin agus na seisiúin foirne iomláine in iúl duit atá deartha nó seiceáilte agáin cheana féin.
- 4 Tacúil**  
Tacóimid leat ar líne nó i bpearsa ag ár gCaiféanna Ionchuimsithe. Tugtar an tsolúbacht don scoil chun cairne a chur in áiríthe a oireann dóibh. Cuirfear seisiúin mhachnaimh ar siúl ina dhiaidh sin.
- 5 Freagrúil**  
Chun cleachtas a leabú níos mó i gcásanna áirithe, tabharfaimid cuireadh duit freastal ar TPL saincheaptha bunaithe ar a mhacasamhail de ríochtanais atá ag múinteoirí á scoileanna éagsúla nó socróimid tacaíocht bhreise a thabhairt duit le himeacht ama.
- 6 Machnamh**  
Cuirfidimid deiseanna ar fáil i rith gach bealaigh chun machnamh a dhéanamh agus fiosróidí tionchar an chleachtais múinteoireachta agus na foghlama scoláirí.

**Caiféanna Ionchuimsithe an CNOS**

- Titeann iad seo amach in ionaid, cosúil le hionaid Oideachais ar a laghad uair sa mhí
- Tugtar tacaíocht agus óltair cupán tae nó caife
- Maireann seisiúin uair an chloig
- Cuirfear seisiúin leantacha mhachnaimh ar fáil.



**Ná caill amach ar scéalta chun dáta, ar imeachtaí agus ar dheiseanna foghlama gairmiúla CNOS amach anseo**

**Bí ar ár Liosta Seoltaí**



An Chomhairle Náisiúnta  
Um Oideachas Speisialta  
National Council  
for Special Needs

## **An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta**

1-2 Sráid an Mhuilinn, Baile Átha Troim, Co. na Mí C15 P2KC

